Cruinniú Bord Bainistíochta Coláiste Ailigh

TUAIRISC AONTAITHE

Dáta:	17 Meán Fómhair 2025
Leithscéalta:	Blaine Ó Maolagáin
	Helen Uí Cheallaigh
Freastal ar chruinniú:	Bernadette Ní Dhuibhir, Cathaoirleach
	Seán Mac Aodha
	Pádraig Mac An Bhiocaire
	Eiméar Nic Íomhair
	Raghnall Ó Cuinn
	Caitlín Uí Chochláin
Rúnaí:	Seán Mac Suibhne
Rúnaí Taifeadta:	Mairéad Uí Dhochartaigh
I Láthair:	Aoife de Náis Príomhoide Tánaisteach

1	**Fáilte** Chuir an Príomhoide fáilte roimh na baill den bhord chuig an chruinniú. Cuireadh fáilte roimh ainmnithe don ról mar Chathaoirleach de Bhord Bainistíochta Coláiste Ailigh do 2025/2026. Ainmníodh Bernadette Ní Dhuibhir ar mholadh Pádraig Mac an Bhiocaire, cuidithe leis ag Caitlín Uí Chochláin. Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na baill den Bhord chuig an chéad chruinniú den scoilbhliain nua seo, agus fáilte ar leith roimh Phríomhoide Tánaisteach nuacheaptha, Aoife de Náis, a bhí i láthair don chruinniú. Thréaslaigh Cathaoirleach an Bhoird, Bernadette Ní Dhuibhir, Aoife ar a ceapachán mar Phríomhoide Tánaisteach agus guíodh gach rath uirthi ina ról nua.
2	**Miontuairiscí ón chruinniú dheireanach** Glacadh leis na miontuairiscí ón chruinniú ar an 28 Bealtaine 2025.
5	**<u>Tuarascáil an Phríomhoide</u>** **Lá & Oíche Oscailte**: ar an Chéadaoin 8 Deireadh Fómhair 2025. ● **Imeachtaí agus Éachtaí:** 29/05/2025: Turais Ratha 20/06/2025: Little Angels : Lá Spóirt sa Halla Spóirt 16/06/2025: Clár Samhraidh Choláiste Ailigh (coicís) 05/08/2025: Campa Samhraidh Líonra Leitir Ceanainn (daltaí rang 6) 04/09/2025: Oíche Eolais - Malairt St. Louis 08/09/2025: Turas Idirbhliana (IB) -Inis Eoghan (thar oíche) 09/09/2025: Oíche Eolais Tuismitheoirí 1ú bhliain 10/09/2025: Cluiche Ceannais na hÉireann, 1d sacar 11/09/2025: Turas IB chuig Béal Feirste - Líonra Leitir Ceanainn

	12/09/2025: Lá Cineáltais Imeachtaí ag teacht aníos...suas go dtí an sos lárthéarma 18/09/2025: Seó IB i mBÁC 24/09/2025: Lá Naisiúnta 'Bí Aclaí' 02/10/2025: Oíche Eolais Tuismitheoirí 6ú Bliain - Gairmeacha srl. 06/10/2025: Seachtain Scileanna Staidéir 07/10/2025: IB - Seó Shábháilteacht Bóithre 08/10/2025: Lá agus Oíche Oscailte Coláiste Ailigh 18/10/2025: Cuairteoirí ó Pittsburgh i gColáiste 22/10/2025: Seó Realtaí Ailigh in Amharclann An Ghrianáin. Thréaslaigh Cathaoirleach an Bhoird foireann na scoile as éachtaí agus imeachtaí éagsúla atá ar siúl a chur chun suntais ar na meáin shóisialta**.**
7	**Frithbhulaíocht** Beidh Seachtain Chairdis ag teacht aníos agus rinneadh ceardlann le gach dalta ar an pholasaí nua Bí Cineálta ar Lá Cineáltais, an Aoine 12 Meán Fómhair 2025.
11a	**Teagasc agus Foghlaim** D'eisigh an Príomhoide anailís ar na torthaí Ardteistiméireacht a fuarthas i mbliana do na baill den Bhord, atá ar na torthaí is fearr a fuarthas riamh. D'éirigh le 9% de na daltaí thar 600 pointe a shaothrú, 43% thar 500 pointe agus ba é 452 an meán marc i mbliana. Rinne na baill den Bhord comhghairdeas leis an fhoireann, na daltaí agus a dtuismitheoirí as na sárthorthaí a shaothraigh na daltaí, agus seolfar litir chuig an fhoireann chun iad a thréaslú.
11b	**Pleanáil le haghaidh Fobairt Scoile** Spriocanna leagtha amach sa phlean reatha pléite ag cruinnithe foirne ar an 25 Lúnasa agus ar an 16 Meán Fómhair 2025.
12 **12a** **12b** **12c**	**Polasaithe Scoile** **Cosaint Leanaí** : I gcomhthéacs Tús Áite do Leanaí, pléadh measúnú riosca na bliana, agus glacadh leis ar mholadh Pádraig Mac An Bhiocaire, cuidithe leis ag Bernadette Ní Dhuibhir. **Polasaí Iontrála 2026/27** : glacadh leis an Pholasaí Iontrála ar mholadh Phádraig Mhic an Bhiocaire, cuidithe leis ag Caitlín Uí Chochláin. **Cód Iompair Dearfach** : iarthéacs maidir le tinreamh glactha ar mholadh Caitlín Uí Chochláin, cuidithe leis ag Eiméar Nic Íomhair, na hathruithe seo le cur leis an iarthéacs ag deireadh 5.3 *"Tuigtear leis sin gur an cineál nó minicíocht neamhláithreachais a chuirfeadh imní ar fhoireann bainistíochta na scoile"*.
15	**Tuarascáil na bhFochoistí Scoile** a. **Tuarascáil Chumainn na dTuismitheoirí** Dáileadh cóip de thuarascáil ó choiste Chumainn na dTuismitheoirí. Beidh cruinniú cinn bliana ar an 23 Deireadh Fómhair, agus tá baill den Chumann ag cuidiú le pleanáil le haghaidh Aonach Gairme ar an 13 Samhain 2025. b. **Tuarascáil Chomhairle na nDaltaí** Dáileadh cóip den tuairisc ag cur síos ar na spriocanna atá ag an Chomhairle i gcomhair na scoilbhliana 2025/26.
16	**Míreanna sa Chlár Oibre Breise** **Éiteas**: Tá Abhreal Nic Giolla Ceara ag reáchtáil coiste Éitis sa scoil agus ag freastal ar chruinnithe BOO Dhún na nGall. Scaip an Príomhoide tuairisc faoi imeachtaí atá beartaithe do Sheachtain Éitis, agus nasc d'fhís faoi éiteas i scoil BOO Dhún na nGall.